Fada i n-éagmais inse Fáil

[Gerard Murphy, ‘Poems of exile by Uilliam Nuinseann Mac Barúin Dealbhna’, *Éigse* 6, 8-15]

William Nugent cct.

1 Fada i n-éagmais inse Fáil
i Saxaibh [dia do dhiombáidh]
sia an bhliadhain ó Bhanbha a-bhus
[’s labhra dhiamhuir ar ndúthchus].

2 Uile m’ansa d’fhéin Dealbhna,
dom ghaol, dom aos oileamhna,
damhna ceangail mo chroidhe
d’eangaibh Banbha braonaighe.

3 Mo-chean tír na gcúan gcubhrach,
Fódla chrannard chorrubhlach;
binne ós gach cúil a ceól;
gile a húir a’s a haieór.

4 Glan a locha ’s a linnte;
aoibhinn álainn firminnte
a’s tarbhach toir gach dhoire
do mhoigh arbhach Iúghaine.

5 Garg a laoich i ló fheadhma;
álainn a mná míndealbha;
lúath a coin, crom a stéada;
trom le cnoibh a claoinghéaga.

6 Atáid fós adhbhair oile
fá-deara dhamh mh’ionmhuine:
oirdheirc a gcoireabh ’na [?] cheann
do thoirbheirt oirear Éireann.

7 A haifrinn, a huird chrábhaidh,
a haos ciúil [mo chompánuigh],
filidh cláir Ghall a’s Ghaoidheal,
ann is cáir do chommaoidheamh.

8 M’aittreabh sunn is fuar fallsa;
goimheach gaoth na bhfearannsa;
searc m’anma don chloinn chroidhe,
do Bhanbha Choinn cathaighe.

9 Gibé uaibh do bheath a-bhus,
dá roiche a-rís dá dhúthchus,

fearr ós chách do-chím a chor:
go bráth ó’ thír ní thiogfadh!